# Príomhoifigeach Oibriúcháin (COO)

## Seirbhísí Corparáideacha

Pacáiste Faisnéise Iarratasóra




Samhain 2024

Coimisiún na Meán

# Fáilte chuig Coimisiún na Meán

A Iarratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i ról an Phríomhoifigigh Oibriúcháin (COO).

Fáilte chuig Coimisiún na Meán - coimisiún nua na hÉireann chun craoltóirí, na meáin ar líne a rialáil agus chun tacú le forbairt na meán.

Táimid tiomanta do thírdhreach rathúil, éagsúil agus sábháilte ar líne agus sna meáin a chinntiú. Ciallaíonn sé seo go bhfuil meascán de ghuthanna, thuairimí agus fhoinsí éagsúla nuachta ann. Ciallaíonn sé seo leanaí agus gach duine againn a chosaint ó ábhar díobhálach.

Tá áthas orainn a bheith ag earcú post mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin. Tá an ról seo mar chuid lárnach dár bhfás ag tacú le tosaíochtaí straitéiseacha Choimisiún na Meán, ag soláthar tacaíochta agus treo straitéiseach chun seachadadh bunúsach ár gcuid oibre a mhúnlú.

Más dúshlán é seo a chreideann tú a thabharfaidh dúshláin nua do scileanna reatha, ba bhreá linn cloisteáil uait agus fáilte a chur roimh d'iarratas.

**Is mise le meas**
**Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly, John Evans

# Eolas Faoin Ról Seo

## Misean Róil

Bunaíodh Coimisiún na Meán go foirmiúil an 15 Márta 2023, mar choimisiún ildhuine. Áirítear ar a freagrachtaí córas sábháilteachta ar líne a chur chun feidhme ag baint úsáide as cumhachtaí arna gcruthú ag an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (OSMR), an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha an AE (DSA) agus an Rialachán an AE maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR). Tá sé freagrach freisin as rialáil craolacháin agus físeáin ar éileamh agus as tacú le forbairt earnáil na meán, lena n-áirítear cur chun feidhme go leor moltaí ó Choimisiún um Thodhchaí na Meán (FOMC).

Tá Coimisiún na Meán ag iarraidh Príomhoifigeach Oibriúcháin a earcú anois le bheith i gceannas ar Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, a chuimsíonn Airgeadas agus Soláthar, Rialachas, Daoine agus Forbairt Eagrúcháin agus Rúnaíocht an Choimisiúin.

Is é misean na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha ná a chinntiú gur eagraíocht lúfar, dea-eagraithe é Coimisiún na Meán, le foireann spreagtha agus cumasach. Cinnteoidh an rannóg go bhfeidhmeoidh Coimisiún na Meán ar ardchaighdeán rialachais chorparáidigh, go héifeachtach agus i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus ár reachtaíocht rialaithe. Trí cheannaireacht straitéiseach a chur ar fáil, éifeachtúlacht oibriúcháin a bhrú chun cinn agus príomhrioscaí a mhaolú, cuirfidh an COO ar chumas Choimisiún na Meán a mhisean a bhaint amach maidir leis na meáin ar líne a rialáil go héifeachtach agus muinín agus iontaoibh an phobail a choinneáil ag an am céanna.

## Príomhréimsí Fócais

**Ceannaireacht Straitéiseach:** Soláthróidh an COO ceannaireacht straitéiseach agus maoirseacht oibiúcháin, ag cinntiú ailíniú idir cuspóirí eagraíochtúla agus oibriúcháin laethúla.

**Rialachas agus Maolú Riosca:** Déanfaidh an COO maoirseacht ar phríomhfheidhm bainistíochta riosca, ag cur creataí láidre rialachais agus rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus ag cinntiú caighdeáin arda comhlíonta le ceanglais rialála.

**Comhoibriú Trasfheidhmeach:** Éascóidh an COO comhoibriú trasfheidhmeach ar fud ranna agus réimsí feidhme, ag cothú cultúr obair foirne agus nuálaíochta.

**Éifeachtúlacht Oibriúcháin:** Beidh ról lárnach ag an COO maidir le próisis oibriúcháin a bharrfheabhsú agus ár mbonneagar corparáideach a scálú. Tacóidh an COO le próisis phleanála oibre, bhuiséadacha, socraithe tobhaigh agus tuairiscithe bhliantúla láidre.

**Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara:** Beidh ról ríthábhachtach ag an COO maidir le rannpháirteachas le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Ranna agus Gníomhaireachtaí ábhartha eile.

# Maidir le Coimisiún na Meán

## Ár gCuspóir & Ár Misean

***Táimid ag cur córas rialála nua i bhfeidhm maidir le sábháilteacht ar líne*.** Chomh maith le daoine in Éirinn a chosaint roimh dhíobhálacha ar líne, beimid mar rialtóir don Eoraip ar fad don iliomad ardán mór ar líne a bhfuil a gceanncheathrú Eorpach in Éirinn – ag obair go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach agus lenár gcomhghleacaithe ar fud na hEorpa. Cuirfimid rialacha i bhfeidhm nach mór d'ardáin a leanúint chun a n-úsáideoirí a choinneáil sábháilte. Le himeacht ama, bunóimid meicníocht chun comhairle a thabhairt d'úsáideoirí agus chun gearáin a bhreithniú nuair a bhíonn úsáideoirí míshásta leis an mbealach ar láimhseáil ardán gearán.


***Déanaimid rialáil ar chraoltóirí agus ar sholáthraithe físe ar éileamh*.** Déanaimid agus forfheidhmímid cóid agus rialacha nach mór do chraoltóirí a leanúint ar ábhair ar nós cothromaíocht sa nuacht agus i gcúrsaí reatha, leanaí a chosaint ó ábhar atá míchuí ó thaobh aoise de, fógraíocht pholaitiúil, cothromaíocht inscne a chur chun cinn agus rochtain a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas. Déanfaimid athbhreithniú ar ár gcóid agus ar ár rialacha agus leathnóimid iad chuig soláthraithe físeáin ar éileamh amhail seirbhísí sruthaithe agus daoine a uaslódálann físeáin ar mhaithe le gnóthachan tráchtála. Bronnaimid conarthaí craolacháin ar stáisiúin raidió agus teilifíse tráchtála freisin, déanaimid athbhreithniú ar fheidhmíocht craoltóirí seirbhíse poiblí ar nós RTÉ agus TG4 agus déanaimid moltaí faoina maoiniú. Déileálaimid freisin le gearáin ón bpobal i gcoitinne faoi ábhar cláir.

***Tacaímid le hearnáil na meán níos leithne*** Reáchtálaimid scéimeanna maoinithe chun tacú le forbairt ábhair a léiríonn agus a mhúnlaíonn sochaí na hÉireann, ábhar i nGaeilge san áireamh. Cuir i gcás, táimid bródúil as An Cailín Ciúin, a mhaoiniú, an chéad scannán Gaeilge riamh a ainmníodh le haghaidh Oscar. Le linn na bliana seo chugainn, bunóimid scéimeanna nua maoinithe chun tacú leis an iriseoireacht áitiúil agus glacfaimid tionscnaimh a bhaineann leis an nGaeilge, Inbhuanaitheacht, agus comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú. Cuirimid litearthacht sna meáin chun cinn freisin. Táimid ag súil le ról níos leithne a ghlacadh i bhforbairt na meán sna blianta amach romhainn

**"Tá ár gcuid oibre iontach fiúntach – cosnaímid daoine ar líne, agus déanaimid cinnte go léiríonn agus go múnlaíonn tírdhreach na meán sochaí na hÉireann."**

**"Tá Éire lárnach do rialáil na hEorpa mar tá an oiread sin ardán mór bunaithe anseo. Tá go leor deiseanna ann chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn agus chun cur le fóraim idirnáisiúnta"**

## Ár Luachanna



# Príomhfhreagrachtaí

Beidh an COO i gceannas ar fhoireann stiúrthóirí, gach duine acu freagrach as réimsí ar leith de sheirbhísí corparáideacha agus eagraíochtúla, le foirne de mhéideanna éagsúla.

Seo a leanas forbhreathnú ginearálta ar raon príomhdhualgais an COO:

- Cur go héifeachtach le ceannaireacht chorparáideach fhoriomlán, le bainistíocht, le hoibriú agus le forbairt na heagraíochta agus le baint amach a spriocanna. Cur le haidhmeanna/cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.
- Sainobair na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha a threorú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú.
- Sainchomhairle a sholáthar maidir le saincheisteanna a bhaineann le rialachas corparáideach, beartas poiblí, oibríochtaí seirbhíse poiblí, rialáil agus comhlíonadh agus bainistíocht airgeadais.
- Maoirsiú a dhéanamh ar ullmhú na bPleananna Oibre Bliantúla, na Meastachán, na mBuiséad Ilbhliantúil agus an phróisis socraithe tobhaigh, i gcomhréir leis an reachtaíocht, agus a chinntiú go ndéantar monatóireacht agus cuntas cuí ar chaiteachas. Idirchaidreamh a dhéanamh de réir mar is gá leis na Ranna rialachais ábhartha agus le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- A chinntiú go bhfuil córais chuí rialuithe inmheánacha i bhfeidhm agus go ndéantar iad a nuashonrú go rialta. Tuiscint iomlán a chinntiú ar riachtanais rialachais ar fud na heagraíochta agus dea-chleachtas a chur chun cinn. Comhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, an Chomhaontaithe Maoirseachta leis an Roinn agus ceanglais rialachais ábhartha eile a chinntiú.
- Caidreamh láidir oibre a fhorbairt le cliaint agus páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha tábhachtacha agus ionadaíocht a dhéanamh ar an eagraíocht leis na príomh-Ranna rialachais agus de réir mar is gá le coistí Oireachtais agus le páirtithe leasmhara eile agus le fóraim.
- Dea-chleachtais, próisis, córais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm laistigh den Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus ar fud na heagraíochta chun a chumasú di a sainordú straitéiseach a chur i gcrích ar bhealach tráthúil agus cost-éifeachtúil, i gcomhréir lena Ráiteas Straitéise.
- Athchóiriú agus nuachóiriú ar sheachadadh seirbhísí corparáideacha a chur i bhfeidhm de réir mar a éilíonn an Coimisiún agus Clár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí.
- Na córais feidhmíochta agus cumarsáide a bhainistiú laistigh den Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun feidhmíocht agus forbairt na foirne a bharrfheabhsú.
- Cumas lucht saothair a fhorbairt trí thallann a aithint agus a chothú, freagracht a tharmligean go cuí agus cumhacht a thabhairt don Rannóg Seirbhísí Corparáideacha spriocanna rannáin agus eagraíochtúla a bhaint amach.

# Príomhfhreagrachtaí - Ar Lean

- Spriocanna feidhmíochta sainithe a bhaint amach dóibh féin agus dá bhfoireann le cuntasacht shoiléir as torthaí.
- Tionscadail agus tascanna iolracha a bhainistiú i dtimpeallacht ildisciplíneach, beartas a neadú laistigh den Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus na caighdeáin is airde gairmiúlachta agus ionracais chorparáidigh a chothú.
- Acmhainní agus costais leithdháilte na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha a bhainistiú.
- Ról lárnach a bheith agat i mbainistíocht géarchéime agus i mbainistíocht leanúnachais ghnó.

**Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.**

## Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo:

- Ceannaireacht & Treorú Straitéiseach
- Breithiúnas agus Cinnteoireacht
- Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí
- Caidrimh a Chothú & Cumarsáid
- Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt
- Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhísí Poiblí



# Eolas Fút

## Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

### Critéir Riachtanach

- Cáilíocht ag íosleibhéal 8 (céim onóracha) i ndisciplín ábhartha agus 7 mbliana taithí ábhartha le déanaí in eagraíocht den mhéid céanna
- Sárscileanna ceannaireachta leis an gcumas feidhm Seirbhíse Corparáideach a threorú agus a fhás go rathúil agus sármhaitheas a sheachadadh de réir cuspóirí eagraíochtúla;
- Ardleibhéal cruthaithe scileanna bainistíochta agus eagrúcháin le cumas léirithe foirne a fhorbairt agus a bhainistiú;
- Taithí i mbainistíocht tionscadail agus i seachadadh tionscadal rathúla ar bhealach tráthúil;
- Cumas cruthaithe chun sonraí iomchuí a shainaithint agus a ghabháil, agus an cumas sonraí a scrúdú, a anailísiú agus a úsáid go héifeachtach chun cinntí fónta a dhéanamh;
- Taithí ar bhainistiú pleananna oibre eagraíochtúla, buiséid, réamh-mheastacháin costais agus réamhaisnéis i dtimpeallacht chasta dhinimiciúil;
- Cumas cruthaithe chun cur chun feidhme an athraithe straitéisigh i dtimpeallacht chasta, thapa agus ardphróifíle a cheapadh, a chur chun feidhme agus/nó a bhainistiú agus a chur chun cinn go dearfach;
- Cumas luach agus éifeachtúlacht a chur chun cinn i ngach réimse seachadta seirbhíse;
- Cur chuige athléimneach, dinimiciúil agus inoiriúnaithe, stíl ceannaireachta réamhghníomhach agus an cumas tionscnamh agus freagracht a ghlacadh;
- Sárscileanna cumarsáide ó bhéal agus i scríbhinn a bhfuil ar a gcumas caidreamh éifeachtach a chothú le páirtithe leasmhara ag gach leibhéal, go hinmheánach agus go seachtrach;
- Sárccileanna líonraithe agus an cumas na scileanna seo a úsáid chun torthaí gnó agus daoine a sheachadadh;
- Sárscileanna TFC le hinniúlacht in iarratais Microsoft Office.

### Critéir Inmhianaithe

- Taithí maidir le hardchaighdeáin chomhlíonta a áirithiú leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- Tuiscint dhomhain ar riachtanais rialachais seirbhíse poiblí amhail Saoráil Faisnéise, Nochtadh Cosanta, Eitic in Oifigí Poiblí, Bainistíocht Riosca
- Cáilíocht i Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais agus / nó Bainistíocht Riosca

Muinín | Iarmhairt | Misneach | Neamhspleáchas | Dírithe ar dhaoine | Ionracas

# Príomhfhaisnéis

## Maidir leis an bpacáiste & próiseas iarratais

### Pacáiste

- Tairgtear an post seo ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Láthair: Ról hibrideach a bheidh sa ról a chomhcheanglaíonn obair bhaile agus oifige. Tá oifigí an Choimisiúin lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.

### Grád agus Scála Pá:

- Tá an post seo grádaithe ag an scála Ard-Príomhoifigigh (Stiúrthóir). Tuarastal ó €110,759 go €136,558 móide liúntas Stiúrthóirí €15,058
- Is féidir sonraí faoi shochair eile, téarmaí fostaíochta agus incháilitheachta a fháil ar shuíomh gréasáin Choimisiúin na Meán ag **www.cnam.ie/careers** laistigh den mhicreashuíomh tiomnaithe atá nasctha thíos.
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála.

### Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir isteach le do thoil:

- CV agus litir/ráiteas pearsanta (i.e., nach mó ná 2/3 leathanach) ina dtugtar breac-chuntas ar an bhfáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, do thaithí agus do luachanna riachtanais an phoist **trí** **ANSEO**
- Má tá aon riachtanais speisialta agat i rith an phróisis earcaíochta, mar shampla, má tá lagú amhairc ort nó más duine néara-éagsúil tú, táimid sásta freastal ar do chuid riachtanas nuair is féidir, déan teagmháil linn trí cnam@cpl.ie chun tacaíocht a iarraidh.
- Tá ceapachán don ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn agus éilíonn gach post iarrthóirí le bheith ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas.

**Dáta Deiridh:** 17 Nollaig 2024, ag 3in.

Investors in Diversity BRONZE

Tá ról lárnach ag Coimisiún na Meán maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú níos fearr a spreagadh sna meáin agus chun tacú le hinbhuanaitheacht trí thionscnaimh chomhshaoil ar fud earnáil na meán níos leithne, léiríonn sé seo ár bhfórsa saothair freisin.

Táimid thar a bheith bródúil as a bheith ar aistear i dtreo barr feabhais a bhaint amach san éagsúlacht, sa chothromas agus sa chuimsiú.

Bhronn an tIonad Náisiúnta um Éagsúlacht an Gradam Cré-umha ‘Infheisteoirí san Éagsúlacht’ orainn cheana féin, agus táimid ag obair i dtreo an Gradam Óir a bhaint amach.

Geallann an Coimisiún a chinntiú go bhfuil gach gníomhaíocht earcaíochta deartha chun fórsa saothair Éagsúil a chur chun cinn le comhionannas ar thús cadhnaíochta.

